Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**

**CM 3649/26**

**ECOFIN**
**UEM**
**FIN**
**PROCED**
***ECB***
***EIB***

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**


| | |
|---|---|
| Teagmháil: | ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32-2-281 57 84 / +32-2-281 41 31 |


| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>– Glacadh<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

I bhfianaise spriocdháta an 31 Lúnasa 2026 do na Ballstáit chun na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, chuir aon Bhallstát déag leasuithe spriocdhírithe isteach ar a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, eadhon: an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Ungáir, an Pholainn agus an Phortaingéil.

Tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar na leasuithe sin, iarrtar ar an gComhairle Cinntí Cur Chun Feidhme gaolmhara ón gComhairle a ghlacadh. I bhfianaise a phráinní atá an cheist, molann an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a úsáid de bhun Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Iarrtar ar na toscaireachtaí freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

**CEIST 1: AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN A ÚSÁID**

I bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, iarrtar oraibh a chur in iúl an bhfuil sibh sásta go n-úsáidfear an nós imeachta i scríbhinn le go nglacfar na **Cinntí Cur Chun Feidhme seo a leanas ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta** na Beilge, na Bulgáire, na Gréige, na Spáinne, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na hUngáire, na Polainne agus na Portaingéile, mar a leagtar amach, tar éis an athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch, sna doiciméid seo a leanas iad:

1. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge (12323/26 + ADD 1)
2. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire (12334/26 + ADD 1 + ADD 1 COR 1)
3. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige (12235/26 + ADD 1 REV 1)
4. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (12355/26 + ADD 1)
5. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite (12239/26 + ADD 1)
6. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile (12357/26 + ADD 1)
7. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire (12325/26 + ADD 1)
8. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia (12299/26 + ADD 1)
9. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire (12337/26 + ADD 1 REV 1)
10. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne (12353/26 + ADD 1)
11. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile (12314/26 + ADD 1)

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

**CEIST 2: NA CINNTÍ CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE A GHLACADH**

Iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh na g**Cinntí Cur Chun Feidhme seo a leanas ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta** na Beilge, na Bulgáire, na Gréige, na Spáinne, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na hUngáire, na Polainne agus na Portaingéile, mar a leagtar amach, tar éis an athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch, sna doiciméid seo a leanas iad:

1. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge (12323/26 + ADD 1)

2. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire (12334/26 + ADD 1 + ADD 1 COR 1)

3. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige (12235/26 + ADD 1 REV 1)

4. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (12355/26 + ADD 1)

5. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite (12239/26 + ADD 1)

6. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile (12357/26 + ADD 1)

7. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire (12325/26 + ADD 1)

8. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia (12299/26 + ADD 1)

9. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire (12337/26 + ADD 1 REV 1)

10. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne (12353/26 + ADD 1)

11. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile (12314/26 + ADD 1)

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

**Ar chúiseanna éifeachtúlachta, i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag na toscaireachtaí an freagra céanna a thabhairt ar Cheist 1** (comhaontú maidir le húsáid an nós imeachta i scríbhinn) le haghaidh gach ceann den aon Chinneadh Cur Chun Feidhme déag thuasluaite ón gComhairle, féadfaidh siad a roghnú gan ach freagra amháin a thabhairt ar Cheist 1 maidir leis na cinntí sin *go léir*. Sa chás sin, iarrtar ar na toscaireachtaí sin an méid seo a leanas a chur in iúl go soiléir ina bhfreagra ar Cheist 1:

> **'*Tá feidhm ag an bhfreagra seo* (roghnaigh *AONTAÍMID* nó *NÍ AONTAÍMID*) *maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a liostaítear in CM 3649/26.*'**

**Ar chúiseanna éifeachtúlachta, i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag na toscaireachtaí an freagra céanna a thabhairt ar Cheist 2** (vótáil maidir le glacadh) le haghaidh gach ceann den aon Chinneadh Cur Chun Feidhme déag thuasluaite ón gComhairle, féadfaidh siad a roghnú gan ach freagra amháin a thabhairt ar Cheist 2 maidir leis na cinntí sin *go léir*. Sa chás sin, iarrtar ar na toscaireachtaí an méid seo a leanas a chur in iúl go soiléir ina bhfreagra ar Cheist 2:

> ***'Tá feidhm ag an bhfreagra seo (roghnaigh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID) maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a liostaítear in CM 3649/26.'***

**I gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag na toscaireachtaí vótáil ar bhealach éagsúil maidir leis na cinntí thuasluaite, iarrtar ar na toscaireachtaí a bhfreagraí a thabhairt (AONTAÍMID nó NÍ AONTAÍMID i gcás Cheist 1 agus AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID i gcás Cheist 2) maidir le gach ceann de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle ar leithligh.**

Is tráth a fhreagraítear an cheist thuas ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh. Agus na ráitis sin á ndéanamh acu, iarrtar ar na toscaireachtaí an Cinneadh Cur Chun Feidhme/na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena mbaineann siad a chur in iúl.

Seoltar na freagraí trí ríomhphost chuig ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu agus ní mór dóibh a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 11.00 (CEST, am na Bruiséile), Déardaoin, an 27 Lúnasa 2026,** agus cóip curtha chuig: alenka.jaschke@consilium.europa.eu, victor.savin@consilium.europa.eu agus laura.estrella-blaya@consilium.europa.eu.

---